C/2026/4207

29.7.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/4207)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Brioche vendéenne'

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-0271-AM01 — 29.4.2026

1. **Ainm an táirge**

'Brioche vendéenne'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Agraibhia agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an TGFC 'Brioche vendéenne' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Tuairisc ar an táirge

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Athraíodh an fhoclaíocht sa tuairisc ar an táirge agus cuireadh na tuairiscí amhairc ar 'Brioche vendéenne' (trilsithe agus crústa órga ann, brioche iomlán nó slisnithe, ar pháipéar biaghráid, curtha i málaí) in áit eile. Cuireadh isteach an fhéidearthacht pacáistíocht chairtchláir bhiaghrád a úsáid don táirge. Sonraíodh go bhfuil toirmeasc ar bharráin amhail seacláid nó torthaí criostalaithe a chur leis an táirge.

Simplíodh an tuairisc orgánaileipteach ar an táirge agus tagairt ann do na comhábhair agus don saineolas monaraíochta a thugann a shaintréithe do 'Brioche vendéenne'.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Sainiú an limistéir gheografaigh

Tuairisc

Tugadh an sainmhíniú ar an limistéar geografach cothrom le dáta ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil atá i bhfeidhm faoi láthair; ní athraíonn sé sin a theorainneacha.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh an táirge

Tuairisc

Bogadh an abairt 'Pacáistítear gach *brioche* i mála aonair ar a bhfuil faisnéis inrianaitheachta' go tús na roinne, agus scriosadh an tagairt d'inrianaitheacht *brioches* féiltiúla (móra), i gcomhréir le scriosadh na foirme seo ón tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tuairisc ar an modh táirgthe

Tuairisc

1) Rinneadh athbhreithniú ar liosta na n-amhábhar ceadaithe:

— Plúr: sonraítear sa tsonraíocht leasaithe nach mór plúr a bheith in ar a laghad 42 % den taos (i gcomparáid le idir 42 % agus 52 % sa leagan roimhe seo). Áirítear leis an gcion sin plúr sa tús gabhála agus/nó sa taos coipthe. Ní mór rátáil nirt 'W' na bplúr a úsáidtear a bheith 200 ar a laghad (i gcomparáid le 180 roimhe sin). Ní mór cion próitéine iomlán na bplúr a bheith 10,5 % ar a laghad anois. Cuireadh uaschionta leis i gcás glútain (2 %) agus plúr cruithneachta braichte (0,3 %). Tá toirmeasc ar gach breiseán eile. Tugadh tionscnamh an phlúir cothrom le dáta ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil atá i bhfeidhm faoi láthair ach níor athraíodh é.

— Uibheacha: socraíodh an cion eastóscáin thirim cheadaithe in uibheacha leachtacha idir 22 % agus 24 %, i gcomparáid le 23 % ar a laghad sa leagan roimhe seo den tsonraíocht.

— Im: sonraíodh comhdhéanamh an ime (ar a laghad 82 % saill), arna shloinneadh mar choibhéis ime athdhéanta nuair a úsáidtear im tiubhaithe. Tugadh tionscnamh an ime cothrom le dáta gan é a athrú.

— Tús gabhála agus taos coipthe: sonraíodh gur féidir tús gabhála agus taos coipthe a úsáid le chéile chun 'Brioche vendéenne' a tháirgeadh.

— Salann sáile: sonraíodh nach mór an salann a úsáidtear a bheith de thionscnamh muirí, ó chósta na Briotáine agus réigiúnacha Pays de la Loire agus Nouvelle-Aquitaine; níl aon athrú ar an tionscnamh ón leagan den tsonraíocht a bhí ann roimhe seo.

— Uisce óil agus/nó bainne úr, paistéartha nó UTC: Áirítear uisce sa taos coipthe, a úsáidtear i dteannta leis an tús gabhála nó ina ionad, sa chion 8 % bainne agus uisce sa mheascán.

Ina theannta sin, baineadh tionscnamh tráchtála na n-amhábhar i gcás siúcra, an tús gabhála agus/nó taos coipthe, alcóil agus blastán. Sonraíodh sa tsonraíocht táirge go dtiocfadh na comhábhair sin ó 'sholáthróirí gairmiúla'. Scriosadh an fhoráil sin toisc go n-áirítear sa tsonraíocht táirge anois oibleagáid taifid inrianaitheachta a choinneáil, rud a áirithíonn faireachán.

2) Cairt táirgeachta:

Rinneadh an chairt táirgthe le haghaidh 'Brioche vendéenne' a shimpliú agus a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an modh táirgthe.

3) Modh táirgthe:

Sonraíodh nach mór an taos tosaithe agus/nó coipthe a tháirgeadh ag an láithreán táirgthe céanna leis an 'Brioche vendéenne' (áiríodh an oibleagáid sin sa chaibidil maidir le hamhábhair sa leagan roimhe seo den tsonraíocht táirge).

Baineadh úsáid as an téarma 'comhthimpeallach' chun an teocht a shonrú le haghaidh na gcéimeanna roghnacha de reo taois agus coipeadh rialaithe (*dérigée pousse*). Cuireadh síneadh leis an am coipthe ó 24 uair an chloig go 48 n-uair an chloig i gcás coipeadh rialaithe, lena n-áirítear 36 uair an chloig lasmuigh den seomra fuar (seachas 18 n-uair an chloig). Ag an gcéim bhácála, luaitear sa tsonraíocht táirge leasaithe anois nach mór an *brioche* a chur ar pháipéar nó ar chairtchlár biaghrád roimh bhácáil. Cuireadh meabhrúchán leis nach mór an páipéar nó an cairtchlár biaghrád sin a bheith i láthair nuair a chuirtear na *brioches* i málaí tar éis bácála. Athdhearbhaíodh an meáchan ag an bpacáistíocht (300 gram ar a laghad). Cuireadh isteach toirmeasc ar mhálaí pollta a úsáid. Ar deireadh, baineadh an oibleagáid na *brioches* a stóráil in aon sraith amháin agus an oibleagáid iad a stóráil i seomra nach bhfuil aon taise dhealraitheach ann.

4) Am táirgthe:

Tugadh an sceideal táirgthe cothrom le dáta, chun na modhanna táirgthe éagsúla a chur san áireamh: coipeadh díreach, coipeadh rialaithe, nó reo.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Fianaise ar an nasc leis an limistéar geografach

Tuairisc

Sainiúlacht an táirge:

Cuireadh an coinníoll nár cheart aon bharrán a bheith ar 'Brioche vendéenne' leis an tsonraíocht táirge.

Scriosadh na tréithe orgánaileipteacha. Tugadh faoi deara go dtagann saintréithe sonracha 'Brioche vendéenne' óna chomhábhair, ó chion na gcomhábhar sin, agus ó shaineolas na dtáirgeoirí.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tagairtí don chomhlacht cigireachta

Tuairisc

Tugadh na tagairtí don chomhlacht cigireachta cothrom le dáta, mar aon leis na tagairtí don reachtaíocht ábhartha.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Mionsonraí sonracha maidir le lipéadú

Tuairisc

Scriosadh an ceanglas ainm agus seoladh an chomhlachta deimhniúcháin a léiriú ar lipéadú 'Brioche vendéenne'. Cuireadh isteach an ceanglas an t-ainm 'Brioche vendéenne' agus lógó TGFC an Aontais Eorpaigh a áireamh.

Scriosadh an ceanglas ainm agus sonraí teagmhála an mhonaróra a áireamh.

Ós rud é gur de chineál rialaitheach iad forálacha na sonraíochta anois, níl an roinn maidir le lipéadú sa doiciméad aonair infheidhme.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais náisiúnta

Tuairisc

Rinneadh tábla na bpríomhphointí atá le seiceáil agus na modhanna chun measúnú a dhéanamh orthu a ailíniú leis an modh táirgthe agus giorraíodh é ionas nach n-áireofaí ach na heilimintí rialaithe sin a mheastar a bheith lárnach do 'Brioche vendéenne'.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Brioche vendéenne'

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-0271-AM01 — 29.4.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Brioche vendéenne'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Fhrainc

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

1905 — Arán, taosrán, cácaí, brioscaí agus táirgí eile báicéirí, bíodh cócó iontu nó ná bíodh; abhlanna, capsúil fholmha de chineál atá oiriúnach d'úsáid chógaisíochta, sliseoga séalaithe, rísphápéar agus táirgí comhchosúla

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is *viennoiserie* trilsithe é 'Brioche vendéenne' a dhíoltar agus é úr. Tá crústa órga borrtha ar an táirge. Níor cheart barráin d'aon chineál a chur leis ar aon chúinse.

Tá 'Brioche vendéenne' lán le him, uibheacha úra agus siúcra; tá alcól ann agus d'fhéadfadh dea-bholaithe fanaile agus/nó blátha oráiste a bheith air.

Déantar é a mhargú mar bhuilín dronuilleogach, iomlán nó slisnithe, ar pháipéar nó cairtchlár biaghráid agus é i mála aonair agus meáchan 300 gram ar a laghad ann.

Is iad na hamhábhair a úsáidtear, cion na n-ábhar agus an saineolas a chuirtear i bhfeidhm a chinneann saintréithe 'Brioche vendéenne'.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Déantar an plúr as cruithneacht a úsáidtear chun arán a dhéanamh ó na réigiúin seo a leanas ina bhfástar gránaigh: Centre-Val de Loire, Pays de la Loire, an Bhriotáin agus an Normainn, ranna Charente, Charente-Maritime, Deux-Sèvres agus Vienne, agus réigiúin talmhaíochta Beauce agus Brie, ar bhonn chreat na réigiún talmhaíochta sa Fhrainc a tugadh cothrom le dáta in 2020. Faigheann monaróirí agus dáileoirí tionsclaíocha agus ar scála beag araon a bplúr ó chruithneacht ó na réigiúin sin mar gheall ar a saintréithe teicneolaíocha agus a gcáilíocht: neart bácála an phlúir, nach mór rátáil W 200 ar a laghad a bheith aige; an cion próitéine iomlán, nach mór a bheith 10,5 % ar a laghad anois.

Ní mór na huibheacha, an t-uisce agus an bainne a theacht ón limistéar geografach.

Ní mór an t-im a theacht ó réigiúin Pays de la Loire, na Briotáine agus na Normainne agus ó ranna Charente, Charente-Maritime, Deux-Sèvres agus Vienne.

Ní mór an salann sáile a theacht ó chóstaí na Briotáine, Pays de la Loire agus Nouvelle-Aquitaine.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim i dtáirgeadh 'Brioche vendéenne' a dhéanamh sa limistéar geografach, ó fhuineadh an táirge go bácáil an táirge.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an táirge a chur i málaí laistigh den limistéar geografach sainithe.

Nuair a bhácáiltear é, ní mór é a chur i mála chun a áirithiú go gcoinnítear a thréithe orgánaileipteacha. Tríd an táirge seo ar mhórán siúcra a chur i málaí ag céim luath, cosnaítear ar fheithidí é, áirithítear a chosaint mhicribhitheolaíoch, agus caomhnaítear boige agus dea-bholaithe 'Brioche vendéenne' ar an mbealach is fearr.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Roinn Vendée: Roinn iomlán.

Roinn Loire-Atlantique: bardais Aigrefeuille-sur-Maine, Basse-Goulaine, La Bernerie-en-Retz, Le Bignon, La Boissière-du-Doré, Bouaye, Bouguenais, Boussay, Brains, La Chapelle-Heulin, Château-Thébaud, Chaumes-en-Retz, Chauvé, Cheix-en-Retz, La Chevrolière, Clisson, Corcoué-sur-Logne, Corsept, Divatte-sur-Loire, Frossay, Geneston, Gétigné, Gorges, La Haie-Fouassière, Haute-Goulaine, Indre (*cuid den bhardas ó dheas ón Loire*), Le Landreau, Legé, La Limouzinière, Le Loroux-Bottereau, Machecoul-Saint-Même, Maisdon-sur-Sèvre, La Marne, Monnières, La Montagne, Montbert, Les Moutiers-en-Retz, Mouzillon, Nantes (*cuid den bhardas ó dheas ón Loire*), Paimbœuf, Le Pallet, Paulx, Le Pellerin, La Plaine-sur-Mer, La Planche, Pont-Saint-Martin, Pornic, Port-Saint-Père, Préfailles, La Regrippière, La Remaudière, Remouillé, Rezé, Rouans, Saint-Aignan-Grandlieu, Saint-Brevin-les-Pins, Saint-Colomban, Saint-Étienne-de-Mer-Morte, Saint-Fiacre-sur-Maine, Saint-Hilaire-de-Chaléons, Saint-Hilaire-de-Clisson, Saint-Jean-de-Boiseau, Saint-Julien-de-Concelles, Saint-Léger-les-Vignes, Saint-Lumine-de-Clisson, Saint-Lumine-de-Coutais, Saint-Mars-de-Coutais, Saint-Michel-Chef-Chef, Saint-Père-en-Retz, Saint-Philbert-de-Grand-Lieu, Saint-Sébastien-sur-Loire, Saint-Viaud, Sainte-Pazanne, Les Sorinières, Touvois, Vallet, Vertou, Vieillevigne, Villeneuve-en-Retz agus Vue.

Roinn Maine-et-Loire: bardais Antoigné, Artannes-sur-Thouet, Aubigné-sur-Layon, Beaulieu-sur-Layon, Beaupréau-en-Mauges, Bégrolles-en-Mauges, Bellevigne-en-Layon, Bellevigne-les-Châteaux, Blaison-Saint-Sulpice, Brissac Loire Aubance, Brossay, Cernusson, Les Cerqueux, Chalonnes-sur-Loire, Chanteloup-les-Bois, Chaudefonds-sur-Layon, Chemillé-en-Anjou, Cholet, Cizay-la-Madeleine, Cléré-sur-Layon, Coron, Le Coudray-Macouard, Courchamps, Denée, Dénezé-sous-Doué, Distré, Doué-en-Anjou, Épieds, Fontevraud-l'Abbaye, Gennes-Val-de-Loire, Les Garennes sur Loire, Louresse-Rochemenier, Lys-Haut-Layon, Mauges-sur-Loire, Maulévrier, Le May-sur-Èvre, Mazières-en-Mauges, Montilliers, Montreuil-Bellay, Montrevault-sur-Èvre, Montsoreau, Mozé-sur-Louet, Mûrs-Erigné, Nuaillé, Orée d'Anjou, Parnay, Passavant-sur-Layon, La Plaine, Les Ponts-de-Cé (*cuid den bhardas ó dheas ón Loire*), Le Puy-Notre-Dame, Rochefort-sur-Loire, La Romagne, Rou-Marson, Saint-Christophe-du-Bois, Saint-Jean-de-la-Croix, Saint-Just-sur-Dive, Saint-Léger-sous-Cholet, Saint-Macaire-du-Bois, Saint-Melaine-sur-Aubance, Saint-Paul-du-Bois, Saumur (*cuid den bhardas ó dheas ón Loire*), La Séguinière, Sévremoine, Somloire, Soulaines-sur-Aubance, Souzay-Champigny, Terranjou, La Tessoualle, Toutlemonde, Trémentines, Tuffalun, Turquant, Les Ulmes, Val-du-Layon, Varrains, Vaudelnay, Verrie, Vezins agus Yzernay.

Roinn Deux-Sèvres: bardais L'Absie, Adilly, Aiffres, Allonne, Amailloux, Amuré, Arçais, Ardin, Argentonnay, Augé, Azay-le-Brûlé, Azay-sur-Thouet, Beaulieu-sous-Parthenay, Béceleuf, Bessines, Le Beugnon-Thireuil, Boismé, La Boissière-en-Gâtine, Le Bourdet, Bressuire, Bretignolles, Brion-près-Thouet, Brûlain, Le Busseau, Cerizay, Champdeniers, Chanteloup, La Chapelle-Bâton, La Chapelle-Bertrand, La Chapelle-Saint-Laurent, Châtillon-sur-Thouet, Chauray, Cherveux, Chiché, Cirières, Clavé, Clessé, Combrand, Coulon, Coulonges-sur-l'Autize, Coulonges-Thouarsais, Courlay, Cours, La Crèche, Échiré, Épannes, Exireuil, Faye-l'Abbesse, Faye-sur-Ardin, Fénery, Fenioux, La Forêt-sur-Sèvre, Fors, François, Frontenay-Rohan-Rohan, Geay, Genneton, Germond-Rouvre, Glénay, Les Groseillers, Juscorps, Lageon, Largeasse, Loretz-d'Argenton, Louzy, Luché-Thouarsais, Luzay, Magné,Mauléon, Mauzé-sur-le-Mignon, Mazières-en-Gâtine, Moncoutant-sur-Sèvre, Montravers, Nanteuil, Neuvy-Bouin, Niort, Nueil-les-Aubiers, Pamplie, Parthenay, Pas-de-Jeu, La Petite-Boissière, Pierrefitte, Le Pin, Plaine-et-Vallées *(críoch na mbardas tarmligthe Brie, Oiron agus Taizé-Maulais amháin)*, Pompaire, Pougne-Hérisson, Prahecq, Prin-Deyrançon, Puihardy, Le Retail, La Rochénard, Romans, Saint-Amand-sur-Sèvre, Saint-André-sur-Sèvre, Saint-Aubin-du-Plain, Saint-Aubin-le-Cloud, Saint-Christophe-sur-Roc, Saint-Cyr-la-Lande, Saint-Gelais, Saint-Georges-de-Noisné, Saint-Georges-de-Rex, Saint-Germain-de-Longue-Chaume, Saint-Hilaire-la-Palud, Saint-Jacques-de-Thouars, Saint-Jean-de-Thouars, Saint-Laurs, Saint-Léger-de-Montbrun, Saint-Lin, Saint-Maixent-de-Beugné, Saint-Maixent-l'École, Saint-Marc-la-Lande, Saint-Martin-de-Bernegoue, Saint-Martin-de-Mâcon, Saint-Martin-de-Saint-Maixent, Saint-Martin-de-Sanzay, Saint Maurice Étusson, Saint-Maxire, Saint-Pardoux-Soutiers, Saint-Paul-en-Gâtine, Saint-Pierre-des-Échaubrognes, Saint-Pompain, Saint-Rémy, Saint-Romans-des-Champs, Saint-Symphorien, Saint-Varent, Sainte-Eanne, Sainte-Gemme, Sainte-Néomaye, Sainte-Ouenne, Sainte-Verge, Saivres, Sansais, Sciecq, Scillé, Secondigny, Souvigné, Surin, Le Tallud, Thouars, Tourtenay, Trayes, Val-du-Mignon *(críoch na mbardas tarmligthe Priaires agus Usseau amháin)*, Val en Vignes, Vallans, Le Vanneau-Irleau, Vernoux-en-Gâtine, Verruyes, Viennay, Villiers-en-Plaine, Vouhé, Vouillé, Voulmentin agus Xaintray.

Roinn Charente-Maritime: bardais Aigrefeuille-d'Aunis, Anais, Andilly, Angliers, Angoulins, Ardillières, Aytré, Ballon, Benon, Bouhet, Bourgneuf, Breuil-la-Réorte, Breuil-Magné, Cabariot, Chambon, Charron, Châtelaillon-Plage, Ciré-d'Aunis, Clavette, Courçon, Cram-Chaban, Croix-Chapeau, La Devise *(críoch an iarbhardais tharmligthe Vandré amháin)*, Dompierre-sur-Mer, Esnandes, Ferrières, Forges, Fouras, Genouillé, La Grève-sur-Mignon, Le Gué-d'Alleré, L'Houmeau, Île-d'Aix, La Jarne, La Jarrie, Lagord, La Laigne, Landrais, Loire-les-Marais, Longèves, Lussant, Marans, Marsais, Marsilly, Montroy, Moragne, Muron, Nieul-sur-Mer, Nuaillé-d'Aunis, Périgny, Puilboreau, Puyravault, Rochefort, La Rochelle, La Ronde, Saint-Christophe, Saint-Coutant-le-Grand, Saint-Cyr-du-Doret, Saint-Georges-du-Bois, Saint-Hippolyte, Saint-Jean-de-Liversay, Saint-Laurent-de-la-Prée, Saint-Mard, Saint-Médard-d'Aunis, Saint-Ouen-d'Aunis, Saint-Pierre-d'Amilly, Saint-Pierre-La-Noue, Saint-Rogatien, Saint-Saturnin-du-Bois, Saint-Sauveur-d'Aunis, Saint-Vivien, Saint-Xandre, Sainte-Soulle, Salles-sur-Mer, Surgères, Taugon, Thairé, Le Thou, Tonnay-Charente, Vergeroux, Vérines, Villedoux, Virson, Vouhé agus Yves.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar na nithe seo a leanas

☑ clú

☑ cáilíocht áirithe

☐ saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Tosca nádúrtha

Agus é suite ar chósta an Atlantaigh, idir cathracha calafoirt Nantes agus La Rochelle, tá aeráid mheasartha aigéanach ag limistéar geografach 'Brioche vendéenne' a chuireann éagsúlacht mhór táirgeachta chun cinn. Tá éagsúlacht gheolaíoch ann mar gheall ar an timpeallacht éagsúil:

— an *Bocage vendéen* ag teorainn theas na Masaífe Armarcaí, arb é is saintréith di córas feirmeoireachta atá dírithe ar gach cineál feirmeoireachta beostoic;

— an *Plaine vendéenne*, ar dhríodar tánaisteach, áit a saothraítear gránach den chuid is mó;

— riasc, cumhdaithe le féarach den chuid is mó, i réigiúin intíre ísle atá lonnaithe píosa siar ón gcósta;

— riasca goirte a bhfuil cáil orthu agus ionaid saoire cois cósta, arb iad is cúis le roinn Vendée a bheith ar an dara áit is mó a bhfuil tóir ag turasóirí air sa Fhrainc.

Tosca daonna

Tá na luachanna céanna sa tsochaí mar aon le saol saibhir ilchineálach cócaireachta sa limistéar geografach, áit nach bhfuil aon nasc mór iompair ann. Sa réigiún seo ina bhfuil an reiligiún go mór chun cinn, rinne daoine cístí lán le siúcra, uibheacha agus im a roinnt eatharthu um Cháisc, ócáid a léirigh deireadh an gheimhridh agus an Charghais. Sa Vendée, rinneadh idirdhealú idir cácaí den sórt sin mar gheall ar a ngrabhróg dhlúth, a cruthaíodh trí choipeadh an taois a dhéanamh níos giorra. Tugadh 'pain de Pâques', 'galette pacaude', 'alize' nó 'gâche' orthu (Association vendéenne du goût, *Produits du terroir et recettes traditionnelles de Vendée*, Eagráin L'Etrave, 1995). 'Chaití an lá uile Satharn Cásca ag déanamh *brioches* den sórt sin, ar minic iad a bheith ollmhór' (Anne-Christine Beauviala agus Nicole Vielfaure, *Fêtes, coutumes et gâteaux*, Eagráin C. Bonneton, 1978).

Ós rud é nár táirgeadh iad ach sa bhaile roimhe sin, thosaigh báicéirí ar scála beag ag táirgeadh cístí den sórt sin sa 19ú haois. Thart ar an am sin, tháinig an '*brioche* trilsithe' chun cinn in Vendée, déanta as plúr, uibheacha agus im, blaistithe le eau-de-vie agus uaireanta le ruainnín fanaile nó bláth oráiste. Cuireadh an cáca ar an mbord ag ócáidí ceiliúrtha agus samhlaítear é le himeachtaí tábhachtacha amhail laethanta na Céad Chomaoineach agus bainiseacha. Ba thraidisiún é do thuismitheoirí baistí na brídeóige *brioche* ollmhór a thabhairt mar bhronntanas (Edmond Bocquier, *La Terre Vendéenne*, Eanáir 1906). Chuirtí an cáca i láthair ar thrádaire a bhí i ngreim ag duine éigin agus bhíodh daoine ag damhsa timpeall air (Abel Hugo, *France pittoresque*, Eagráin Delloye, 1835). Sa Vendée, déantar é sin fós sa lá atá inniu ann.

Nuair a tugadh isteach an iarnróid agus nuair a tháinig borradh faoin turasóireacht sa 20ú haois, tosaíodh ar bhéim níos láidre a chur ar onnmhairí i ngeilleagar Vendée. Faoin tuath, forbraíodh táirgeadh ar scála beag agus tionsclaíoch, ar samhail eacnamaíoch bhunaidh é (Jean Renard, *La Vendée, un demi siècle d'observation d'un géographe*, Presses Universitaires de Rennes, 2004). Thosaigh báicéirí traidisiúnta ag táirgeadh ar scála tionsclaíoch ionas go bhféadfaidís *brioches* a sholáthar lasmuigh den Vendée. I mí Aibreáin 1949, d'eagraigh *Association des Vendéens de Paris* díolachán carthanachta sa phríomhchathair. Ag an ócáid sin, tháinig an t-ainm 'Brioche vendéenne' chun cinn mar bhealach chun idirdhealú a dhéanamh idir an táirge agus *brioches* eile (Frédéric Ziegerman, *Le guide des Pays de France*, Eagráin Fayard, 1999).

Ó shin, ghlac na táirgeoirí uile an t-oideas traidisiúnta le haghaidh an táirge lena mbaineann próiseas coipthe dúbailte sínte, an taos a fhoirmiú agus a thrilsiú de láimh, é a bhácáil ag meánteocht agus an táirge a chur isteach i málaí go gairid tar éis é a thógáil amach as an oigheann. Cinneadh an limistéar geografach, lena n-áirítear réigiún riaracháin Vendée agus limistéir in aice láimhe na ranna comharsanacha, bunaithe ar an áit ar féidir saineolas a fháil agus ar an áit a dtéann na báicéirí agus na printísigh a cuireadh faoi oiliúint in Vendée.

Sainiúlacht an táirge

Is féidir 'Brioche vendéenne' a aithint de bharr a chrutha thrilsithe, toradh ar phróiseas sonrach de láimh ar a dtugtar 'façon tois brins' (trilseán tríshnáithe) lena gcuirtear cruth air. Bíonn cruth builín air den chuid is mó ach d'fhéadfaí cruth fadaithe nó cruinn a dhéanamh de uaireanta. Tá crústa órga fíneálta borrtha ar an táirge. Níl aon bharrán ann. Féadfar é a mhargú ina iomláine nó ina shlisní. Cuirtear ar pháipéar biaghrád é agus déantar é a phacáistiú i mála trédhearcach séalaithe.

Eascraíonn saintréithe 'Brioche vendéenne' as oideas atá lán le him, uibheacha úra agus siúcra, a fhorlíontar le blas alcóil agus uaireanta dea-bholaithe fanaile agus blátha oráiste. Eascraíonn a shaintréithe sonracha freisin as modh táirgthe uathúil, agus úsáid á baint as coipeadh dúbailte roimh bhácáil.

Nasc cúisíoch

Tá an nasc cúisíoch idir saintréithe an táirge agus saintréithe sonracha an limistéir gheografaigh bunaithe ar cháilíochtaí seanbhunaithe an táirge agus ar a cháil araon.

Comhdhéanamh atá nasctha le saintréithe an limistéir gheografaigh:

Tá nasc inaitheanta idir saintréithe an limistéir agus na comhábhair a úsáidtear chun 'Brioche vendéenne' a dhéanamh:

— tá an aeráid aigéanach atá ag an réigiún fabhrach d'fheirmeoireacht eallaigh, go háirithe i limistéir *Bocage vendéen* agus riasca. Ar an gcúis sin, bíonn rath ar tháirgeadh ime agus déiríochta;

— mar gheall ar an aeráid mheasartha agus ar an gcóras feirmeoireachta lena mbaineann fálta sceach, táirgtear go leor éanlaithe clóis ann agus, dá bhrí sin, bíonn flúirseach uibheacha ann, go háirithe um Cháisc;

— mar gheall ar an mborradh faoi tháirgeadh gránach ó na Meánaoiseanna, faoi chosaint na mainistreacha, a bhuí leis an ithir thorthúil in *Plaine vendéenne* agus sna limistéir réisce draenáilte;

— mar gheall ar Cognac, atá suite ó dheas ón limistéar geografach, a bheith in aice lámha - sin an fáth ar tháinig forbairt ar tháirgeadh traidisiúnta eau-de-vie agus a n-úsáidtear na halcóil sin chun cístí a dhéanamh;

— bhí tionchar ag suíomh cósta an limistéir ina bhfuil calafoirt mhóra ar úsáid comhábhar eachtrach amhail blastáin rum, fanaile agus bláthanna oráiste agus siúcra cána;

— is limistéar tábhachtach é cósta an Atlantaigh ó thaobh táirgeadh salainn de, go háirithe timpeall imchuacha Guérande, Noirmoutier agus Île de Ré.

Is iad na hamhábhair sin, atá le fáil sa limistéar le fada fíorach an lá, is bunús le saintréithe sonracha an táirge.

Gnéithe sonracha a dhíorthaítear ó shaineolas áitiúil sa limistéar geografach:

Tá nasc cúisíoch láidir idir saintréithe áirithe an táirge a dhíorthaítear ó na modhanna táirgthe bunaidh agus an saineolas áitiúil a fhaightear sa limistéar geografach:

— déantar cuma agus cruth an táirge a tháirgeadh de láimh, mar aon leis an trilsiú;

— déantar an taos a ardú faoi dhó agus tugann sé sin cuma dea-ardaithe do 'Brioche vendéenne';

— is léiriú iad an dath órga agus an bhoige ar shainphróiseas bácála in oigheann dea-oiriúnach;

— caomhnaítear sainiúlacht an táirge trína chur i málaí go tapa.

Baineann na modhanna traidisiúnta sin leis an traidisiún seanbhunaithe maidir le cácaí a dhéanamh don Cháisc nó do bhainiseacha. Saintáirgeoirí a dhéanann an táirge anois seachas daoine sa bhaile agus tá an traidisiún tionsclaithe i bpáirt ach coinnítear beo é sa lá atá inniu ann trí oiliúint a chur ar phrintísigh. Cuimsíonn limistéar geografach 'Brioche vendéenne' na táirgeoirí uile a bhfuil saineolas acu anois ar an gcaoi a ndéantar an táirge.

Clú a bhaineann le saintréithe sonracha an limistéir gheografaigh

Tá cáil an táirge bunaithe ar an bhfíoras go bhfuil sé fréamhaithe go láidir sa limistéar áitiúil agus go bhfuil sé scaipthe go forleathan lasmuigh dá áit tionscnaimh. Tá an dá cheann nasctha le saintréithe áirithe a bhaineann go sonrach leis an limistéar geografach.

Saintréith ar leith a fhaightear in Vendée agus sna ceantair máguaird is ea an cion atá ag muintir na háite ar an oidhreacht chócaireachta atá acu. Tagann 'Brioche vendéenne' as an nós bácáil a dhéanamh um Cháisc, nós atá bunaithe ar mhuintearas agus ar fhéiniúlacht láidir réigiúnach agus a mhaireann sa lá atá inniu ann ag féilte agus ag bainiseacha. Tá an díocas sin fós le feiceáil sa lá atá inniu ann a bhuí leis na comórtais a bhaineann le seoid seo an ghastranómachais.

Mar gheall ar a shuíomh, tagann turasóirí chuig an limistéar geografach agus tá forbairt mhór tagtha ar an turasóireacht le blianta beaga anuas. Is áit iontach é imeallbhord tarraingteach Vendée chun clú 'Brioche vendéenne' a mheas. D'oibrigh táirgeoirí ar scála beag agus tionsclaíocha go dian le misneach agus díograis chun an táirge a chur chun cinn, ag feidhmiú i dtimpeallacht eacnamaíoch arb é is saintréith di dlús ard gnólachtaí tuaithe dinimiciúla beaga agus meánmhéide. Tá níos mó ná 10 % den mhargadh náisiúnta le haghaidh *viennoiseries* i gceist leis an táirge (foinse: Painéal SECODIP, 2001). De réir staidéar a rinne OSER, Fiontar Sóisearach Ardscoil Talmhaíochta Angers, is é thart ar 45 % an ráta maidir le feasacht branda spontáineach agus is é 77 % an ráta maidir le feasacht branda chuidithe (95 % i réigiún an Iarthair agus 50 % i réigiún Pháras).

In *L'inventaire du patrimoine culinaire de la France* (Eagráin Albin Michel, 1993), atá tiomnaithe do réigiún Loire, déanann Comhairle Náisiúnta na nEalaíon Cócaireachta ceiliúradh ar 'Brioche vendéenne' go háirithe: 'Tá ag éirí go han-mhaith leis le blianta fada, i bhfad níos faide i gcéin ná teorainneacha an réigiúin'.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-dba5d74b-0da8-4d73-af71-8339d898812c